

# Tuarascáil ar Nochtuithe Cosanta faighte ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí in 2019

Dearadh polasaí an Choimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) faoi théarmaí an Achta um Nochtadh Cosanta 2014 chun éascú agus spreagadh le hoibrithe fíor-ímní inmheánach a chur in iúl faoi éagóir a d'fhéadfadh a bheith i gceist san áit oibre, ionas go féidir fiosrúchán a dhéanamh ar na hábhair ímní seo, ag luí le prionsabail an cheartas aiceanta, agus tugtha faoi i mbealach cuí le cúinsí an cháis.

Éilíonn Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 ar chomhlachtaí poiblí tuarascáil maidir leis an mbliain roimhe sin a ullmhú agus a fhoilsiú faoin 30 Meitheamh gach bliain, i bhfoirm gan ainm.

De bhun an riachtanais seo, deimhníonn an DPC gur in 2019

- Ní bhfuarthas aon nochtadh cosanta inmheánach (ó fhoireann an DPC).
- Fuarthas sé nochtuithe cosanta (leagtha amch sa tábhla thíos) ó dhaoine aonair lasmuigh den DPC maidir le ceistanna faoi chosaint sonraí in aonáin eile. Ardaíodh na cásanna seo leis an DPC ina ról mar 'dhuine forordaithe' mar atá foráilte faoi Alt 7 den Acht um Nochtadh Cosanta (liostaithe in I.R. 339/2014 arna leasú le I.R. 448/2015).

| <b><i>Uimhir thagartha</i></b> | <b><i>Cineál</i></b>                        | <b><i>Dáta faighte</i></b> | <b><i>Stádas</i></b>  | <b><i>Toradh</i></b>                               |
|--------------------------------|---|----------------------------|---|--|
| 1/19/1/16                      | Cuid 7 (seachtrach, le 'duine forordaithe') | 6 Samhain 2019             | Oscailte – á mbreithniú                                     |  |
| 1/19/1/15                      | Cuid 7 (seachtrach, le 'duine forordaithe') | 3 Aibreán 2019             | Dúnta   | Dúnta – níor choinnigh an gearánach leis an gcúram |
| 1/19/1/14                      | Cuid 7 (seachtrach, le 'duine forordaithe') | 16 Márta 2019              | Oscailte – ceist á fhiosrú faoi Airteagal 57(1)(f) den GDPR |  |

|           |  |                |       |  |
|-----------|--|----------------|-------|--|
| 1/19/1/13 | Cuid 7<br>(seachtrach, le<br>'duine 2<br>forordaithe') | 1 Márta 2019   | Dúnta | Dúnta – ní<br>nochtadh<br>cosanta atá i<br>gceist – le<br>laímhseáil mar<br>ghnáth-<br>ghearán<br>cosanta sonraí |
| 1/19/1/12 | Cuid 7<br>(seachtrach, le<br>'duine<br>forordaithe')   | 2 Márta 2019   | Dúnta | Dúnta – níor<br>choinnigh an<br>gearánach leis<br>an gcúram  |
| 1/19/1/11 | Cuid 7<br>(seachtrach, le<br>'duine<br>forordaithe')   | 4 Feabhra 2019 | Dúnta | Dúnta – theip<br>ar an<br>ngearánach<br>fianaise a chur<br>ar fáil ar<br>shárúithe ar<br>chosaint<br>sonraí.     |